

## Roinn 4



# Smaoinigh, péireáil, roinn

Nuair a fheiceann tú nó nuair a chloiseann tú an focal '**Buiséad**', cad a smaoiníonn tú faoi? I d'aonar, líon isteach na boscaí thíos. Nuair atá tú críochnaithe, cuir do chuid freagraí i gcomparáid leis an duine atá taobh leat. Ansin, pléigh na freagraí do gach ceann de na boscaí.

Cad is brí leis an bhfocal seo?

Breac síos do chuid smaointe nuair a chloiseann tú an focal seo

**BUISÉAD**

Cuir an focal in abairt

Tarraing pictiúr chun an focal seo a mhíniú

